



Uimhir 31 de 2011

AN tACHT UM IOMPAR AR BHÓITHRE, 2011

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Oibleagáid ar oibritheoir scéala a thabhairt don Aire maidir le ciontuithé áirithe.
3. Oibleagáid ciontuithé áirithe a chur in iúl don oibritheoir.
4. An tAire do bhreithniú ciontuithé áirithe.
5. Achomharc.
6. Fianaise ar chiontuithé coigríche.
7. Comhlíonadh leantach — ceadúnas oibritheora.
8. Athrú mionsonraí — ceadúnas nó iarratas oibritheora.
9. Ceanglas chun ceadúnas oibritheora a shealbhú.
10. Toirmeasc ar airbheartú oibriú seachas de réir ceadúnais oibritheora.
11. Oibleagáid cóip de cheadúnas oibritheora etc. a iompar agus díosca iompair a thaispeáint ar fheithicil.
12. Cláir.
13. Táillí.
14. Dearbhuithe bréagacha.
15. Ionchúisimh agus cion comhlachta chorpraithe.
16. Oifigh iompair.
17. Barántais chuardaigh.
18. Bainisteoir iompair.
19. Leasú ar alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006.
20. “Ceadúnas Comhphobail”.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Iompar ar Bhóithre*, 2011. [2011.]

21. Fógraí agus scéala.
22. Caiteachais.
23. Gearrtheideal agus forléiriú.

AN SCEIDEAL
CINEÁLACHA IOMPAIR DHÍOLMHAITHE

[2011.] *An tAcht um Iompar ar Bhóithre*, 2011. [Uimh. 31.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Achtanna na gCuideachtaí

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010	2010, Uimh. 6
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001	2001, Uimh. 50
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994	1994, Uimh. 15
An Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008	2008, Uimh. 8
An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008	2008, Uimh. 15
An tAcht um Thráchtáil Leictreonach, 2000	2000, Uimh. 27
Acht na gComhphobal Eorpach, 1972	1972, Uimh. 27
Achtanna na nArm Tine, 1925 go 2009	
An tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000	2000, Uimh. 29
An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997	1997, Uimh. 26
Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2011	
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006	2006, Uimh. 28
An tAcht um Iompar ar Bhóithre, 1933	1933, Uimh. 8
An tAcht um Iompar ar Bhóithre, 1986	1986, Uimh. 16
An tAcht um Iompar ar Bhóithre, 1999	1999, Uimh. 15
An tAcht um Chiontóirí Gnéis, 2001	2001, Uimh. 18



Uimhir 31 de 2011

AN tACHT UM IOMPAR AR BHÓITHRE, 2011

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRUITHE A BHAINNEANN LEIS AN tSLÍ BHEATHA ARB ÉARD Í OIBRITHEOIR TARLAITHE BÓTHAIR AGUS LEIS AN tSLÍ BHEATHA ARB ÉARD Í OIBRITHEOIR IOMPAIR PAISINÉIRÍ DE BHÓTHAR, DO LEASÚ ALT 1 DEN ACHT UM IOMPAR AR BHÓITHRE, 1999 AGUS ALT 2 DEN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE AGUS IOMPAR, 2006 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[2 Nollaig 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “deimhniú inniúlachta gairmiúla” deimhniú arna eisiúint mar chruthúnas ar inniúlacht ghairmiúil i dtarlú de bhóthar nó in iompar paisinéirí de bhóthar chun críocha Rialachán AE um Oibrítheoirí Iompair de Bhóthar;

ciallaíonn “cóip dheimhnithe de cheadúnas Comhphobail” cóip de cheadúnas Comhphobail a bheidh deimhnithe go cuí ag an údarás eisiúna nó thar ceann an údaráis eisiúna sa Bhallstát lena mbaineann mar chóip dhílis den cheadúnas Comhphobail;

ciallaíonn “ceadúnas Comhphobail” ceadúnas arna eisiúint de réir Rialachán AE um Tharlú nó Rialachán AE um Sheirbhísí Cóiste agus Bus;

ciallaíonn “fianú tiománaí” fianú arna eisiúint de réir Rialachán AE um Tharlú;

ciallaíonn “Rialachán AE um Sheirbhísí Cóiste agus Bus” Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009¹;

ciallaíonn “Rialachán AE um Tharlú” Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009²;

ciallaíonn “Rialachán AE” Rialachán AE um Sheirbhísí Cóiste agus Bus, Rialachán AE um Tharlú agus Rialachán AE um Oibrítheoirí Iompair de Bhóthar;

¹IO Uimh. L 300, 14.11.2009, lch 88

²IO Uimh. L 300, 14.11.2009, lch 72

ciallaíonn “Rialachán AE um Oibritheoirí Iompair de Bhóthar” Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009³;

ciallaíonn “earraí” aon ítim, ábhar nó ní is féidir a iompar de bhóthar, cibé acu is féidir úsáid tráchtála a bhaint as nó nach féidir nó cibé acu atá luach tráchtála air nó nach bhfuil, ach ní fholáíonn sé bagáiste ná post paisinéara;

ciallaíonn “doiciméad ceadúnúcháin” ceadúnas oibritheora, ceadúnas Comhphobail, cóip dheimhnithe de cheadúnas Comhphobail, deimhniú inniúlachta gairmiúla, fianú tiománaí, diosca iompair nó aon doiciméad coimhdeach eile arna eisiúint i dteannta aon cheann díobh sin roimhe seo;

ciallaíonn “Aire” an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;

tá le “slí bheatha arb éard í oibritheoir tarlaithe de bhóthar” an bhrí a shanntar do “gairm an oibreora tarlaithe de bhóthar” le hAirteagal 2(1) de Rialachán AE um Oibritheoirí Iompair de Bhóthar, is é sin le rá, gníomhaíocht ag aon ghnóthas a iompraíonn earraí ar fruilíú nó ar luaíocht trí mhótarfeithiclí nó trí chónaise feithiclí;

tá le “slí bheatha arb éard í oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar” an bhrí a shanntar do “gairm an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar” le hAirteagal 2(2) de Rialachán AE um Oibritheoirí Iompair de Bhóthar, is é sin le rá, gníomhaíocht ag aon ghnóthas a dhéanann, trí mhótarfeithiclí atá déanta agus trealmhaithe chun go bhfuil siad oiriúnach chun breis is 9 nduine a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, agus atá ceaptha chun na críche sin, seirbhísí iompair paisinéirí don phobal nó do chatagóirí sonracha úsáideoirí a oibriú i gcomaoin íocaíochta ón duine a iompraítear nó ó eagraí an iompair;

tá le “slí bheatha arb éard í oibritheoir iompair de bhóthar” an bhrí a shanntar do “gairm an oibreora iompair de bhóthar” le hAirteagal 2(3) de Rialachán AE um Oibritheoirí Iompair de Bhóthar, is é sin le rá, an tslí bheatha arb éard í oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar nó an tslí bheatha arb éard í oibritheoir tarlaithe de bhóthar;

ciallaíonn “oibritheoir”, de réir mar a bheidh, sealbhóir ceadúnais oibritheora nó iarratasóir ar cheadúnas oibritheora;

tá le “ceadúnas oibritheora” an bhrí a shanntar dó le halt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006;

ciallaíonn “ceanglas maidir le dea-cháil” an ceanglas maidir le dea-cháil atá leagtha amach in alt 2(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006 agus Airteagal 6 de Rialachán AE um Oibritheoirí Iompair de Bhóthar;

ciallaíonn “oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar” aon ghnóthas atá ag gabháil don tslí bheatha arb éard í oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar;

ciallaíonn “oibritheoir tarlaithe de bhóthar” aon ghnóthas atá ag gabháil don tslí bheatha arb éard í oibritheoir tarlaithe de bhóthar;

ciallaíonn “gnó iompair de bhóthar” aon ghnó nó aon ghníomhaíocht a bhaineann le tarlú de bhóthar nó iompar paisinéirí de bhóthar a sholáthar;

³IO Uimh. L 300, 14.11.2009, lch 51

ciallaíonn “oibritheoir iompair de bhóthar” aon ghnóthas atá ag gabháil don tslí bheatha arb éard í oibritheoir tarlaithe de bhóthar nó oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar;

ciallaíonn “cúloibritheoir”, i ndáil le ceadúnas oibritheora, aon duine nach é nó í an t-oibritheoir ach—

- (a) mar gheall ar aon tuiscint, socrú nó ordachán i ndáil le haon bhrabús nó gnóchan ó oibriú an cheadúnais a shealbhaítear nó a bhfuil iarratas déanta air, is duine a theachtann aon bhrabús nó gnóchan den sórt sin nó atá ina theideal, nó
- (b) a rialaíonn nó a sheolann gníomhaíochtaí an oibritheora sin faoi aon cheadúnas den sórt sin a shealbhaítear nó a bhfuil iarratas déanta air, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach;

ciallaíonn “post sonraithe”, más rud é—

- (a) gur pearsa aonair an t-oibritheoir, bainisteoir iompair na pearsan aonair,
- (b) gur cuideachta an t-oibritheoir, stiúrthóir de chuid na cuideachta, a rúnaí nó a bainisteoir iompair,
- (c) gur comhpháirtíocht an t-oibritheoir, comhpháirtí sa chomhpháirtíocht nó a bainisteoir iompair, nó
- (d) gur comharchumann an t-oibritheoir, rúnaí, bainisteoir iompair nó aon chomhalta de choiste bainistíochta an chomharchumainn;

tá le “bainisteoir iompair” an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 2(5) de Rialachán AE um Oibritheoirí Iompair de Bhóthar, is é sin le rá, duine nádúrtha atá fostaithe ag gnóthas nó, más duine nádúrtha an gnóthas sin, an duine sin nó, i gcás go mbeidh socrú déanta chuige sin, duine nádúrtha eile atá ainmnithe ag an ngnóthas sin trí mheán conartha agus a bhainistíonn gníomhaíochtaí iompair an ghnóthais sin go héifeachtach agus go leanúnach;

ciallaíonn “diosca iompair” diosca iompair arna eisiúint faoi alt 4 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1999;

tá le “oifigeach iompair” an bhrí a shanntar dó le *halt 16*;

tá le “gnóthas” an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 2(4) de Rialachán AE um Oibritheoirí Iompair de Bhóthar, is é sin le rá, aon duine nádúrtha, aon duine dlítheanach, cibé acu brabúsach nó nach ea, aon chomhlachas nó grúpa daoine gan phearsantas dlítheanach, cibé acu brabúsach nó ea, nó aon chomhlacht oifigiúil, a bhfuil a phearsantas dlítheanach féin aige nó atá ag brath ar údarás a bhfuil pearsantas den sórt sin aige, atá ag gabháil d’iompar paisinéirí, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gabháil d’iompar fartha chun críche tráchtála;

ciallaíonn “feithicil” aon fheithicil paisinéirí nó feithicil earraí, i dteannta nó d’uireasa leantóra;

folaíonn “tarraing siar nó fionraigh”, i ndáil le doiciméad ceadúnúcháin—

- (a) an doiciméad ceadúnúcháin a tharraingt siar ar feadh a mbeidh fágtha dá ré,

- (b) an doiciméad ceadúnúcháin a fhionraí, nó
- (c) i gcás ceadúnais oibritheora, an ceadúnas a fhionraí i ndáil le cibé feithiclí a shonraítear ar cheadúnas an oibritheora a chinnfidh an tAire—
 - (i) ar feadh cibé tréimhse ama a chinnfidh sé nó sí, nó
 - (ii) go dtí go ndéanfar aon choinníollacha nó ceanglais a shonróidh sé nó sí a chomhlíonadh chun a shástachta nó chun a sástachta.

Oibleagáid ar oibritheoir scéala a thabhairt don Aire maidir le ciontuithe áirithe.

2.—(1) Más rud é, maidir le hoibritheoir, le duine a shealbhaíonn post sonraithe, le cúloibritheoir, nó, i gcás oibritheora iompair paisinéirí de bhóthar, le tiománaí leis an oibritheoir sin, go ndearnadh nó go ndéantar é nó í a chiontú—

- (a) i ndúnmharú,
- (b) i ndúnorgain,
- (c) i gcion gáinneála ar dhrugaí (de réir bhrí alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994),
- (d) i gcion faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997,
- (e) i gcion faoi alt 2 den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000,
- (f) i gcion gnéasach (de réir bhrí alt 3 den Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001),
- (g) i gcion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001,
- (h) cion faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008,
- (i) i gcion a bhaineann le sciúradh airgid faoi Chuid 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010,
- (j) i gcion faoi Achtanna na nArm Tine, 1925 go 2009,
- (k) i gcion arb é atá ann iarracht nó comhcheilg a dhéanamh chun aon chion a luaitear i *míreanna (a) go (j)* a dhéanamh nó cabhrú nó neartú le déanamh ciona den sórt sin, nó comhairliú do dhuine an céanna a dhéanamh, nó é a shireadh, nó é a thabhairt i gcrích nó duine a ghríosú lena dhéanamh, nó
- (l) i gcion faoi dhlí dlínse eile is cion a fhreagraíonn do chion a luaitear i *míreanna (a) go (k)*, i gcás gur chion dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna sin a bheadh san iompar arb é an cion é faoi dhlí na dlínse eile sin, dá ndéanfaí sa Stát é,

tabharfaidh an t-oibritheoir scéala i scríbhinn don Aire maidir leis an gciontú—

- (i) i gcás iarratas ar cheadúnas oibritheora a bheith á dhéanamh ag an oibritheoir, tráth déanta iarratais, nó
- (ii) i gcás gur sealbhóir ceadúnais oibritheora an t-oibritheoir laistigh de 3 mhí tar éis an tAcht seo a rith, tar éis an tréimhse ama a cheadaítear chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chiontaithe sin a bheith caite nó tar éis chinneadh nó tharraingt siar an achomhairc in aghaidh an chiontaithe sin, cibé acu is déanaí.

(2) Beidh sa scéala faoi *fho-alt (1)* mionsonraí maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) cineál an chiona,
- (b) an amhlaidh gur ceann de líon ciontuíthe mar gheall ar na cionta céanna nó mar gheall ar chionta éagsúla an ciontú,
- (c) aon phionós nó pianbhreith a fulaingíodh ar scór an chiontaithe,
- (d) aon dícháiliú nó forghéilleadh a forchuireadh ar scór an chiontaithe, agus
- (e) cibé acu is i gcúrsa gnó iompair de bhóthar, nó i dtaca leis, a rinneadh an cion nó nach ea.

(3) I gcás go mainneoidh oibritheoir scéala a thabhairt don Aire de réir *fho-alt (1)* nó go dtabharfaidh sé nó sí faisnéis i scéala don Aire agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach nó míthreorach, féadfaidh an tAire a chinneadh nach bhfuil an ceanglas maidir le dea-cháil á chomhlíonadh a thuilleadh, agus, más rud é—

- (a) gur iarratasóir ar cheadúnas oibritheora an t-oibritheoir, an t-iarratas a dhiúltú, nó
- (b) gur sealbhóir ceadúnais oibritheora an t-oibritheoir, an ceadúnas sin a tharraingt siar nó a fhionraí.

(4) Aon oibritheoir a mhainníonn scéala a thabhairt don Aire de réir *fho-alt (1)* nó a thugann faisnéis i scéala don Aire agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach nó míthreorach déanann sé nó sí cion agus dlítear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Is cosaint é don chosantóir, in ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *fho-alt (4)*, a shuíomh go ndearna sé nó sí gach beart réasúnach agus go ndearna sé nó sí gach dícheall cuí chun nach ndéanfadh sé nó sí an cion.

3.—(1) Más rud é, maidir le haon duine díobh seo a leanas—

- (a) duine a shealbhaíonn post sonraithe,
- (b) cúloibritheoir, nó

Oibleagáid ciontuíthe áirithe a chur in iúl don oibritheoir.

- (c) i gcás oibritheora iompair paisinéirí de bhóthar, tiománaí leis an oibritheoir sin,

go ndéantar nó go ndearnadh é nó í a chiontú i gcion a shonraítear in *alt 2(1)* déanfaidh sé nó sí an ciontú agus na mionsonraí a shonraítear i *míreanna (a)* go *(e)* d'*alt 2(2)* a chur in iúl i scríbhinn don oibritheoir.

(2) Aon duine a mhainníonn *fo-alt (1)* a chomhlíonadh déanann sé nó sí cion agus dlitear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

An tAire do
bhreithniú
ciontuithe áirithe.

4.—(1) Le linn don Aire a chinneadh ar chomhlíon oibritheoir an ceanglas maidir le dea-cháil, nó an leanann sé nó sí den cheanglas sin a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire breithniú i dtaobh an ndearnadh—

- (a) an t-oibritheoir,
- (b) duine a shealbhaíonn post sonraithe,
- (c) cúloibritheoir, nó
- (d) i gcás oibritheora iompair paisinéirí de bhóthar, tiománaí leis an oibritheoir sin,

a chiontú i gcion a shonraítear in *alt 2(1)*.

(2) I gcás go mbeidh duine lena mbaineann *fo-alt (1)* ciontaithe i gcion dá dtagraítear san fho-alt sin breithneoidh an tAire na nithe seo a leanas—

- (a) cineál an chiona,
- (b) an ceann de líon ciontuithe mar gheall ar na cionta céanna nó mar gheall ar chionta éagsúla an ciontú,
- (c) aon phionós nó pianbhreith a fulaingíodh ar scór an chiontaithe,
- (d) aon dícháiliú nó forghéilleadh a forchuireadh ar scór an chiontaithe, agus
- (e) cibé acu is i gcúrsa gnó iompair de bhóthar, nó i dtaca leis, a rinneadh an cion nó nach ea,

agus i gcás go gcinneadh an tAire nár fhreagra neamhréireach é, féadfaidh an tAire a chinneadh nach bhfuil an ceanglas maidir le dea-cháil á chomhlíonadh a thuilleadh agus féadfaidh sé nó sí, más rud é—

- (i) gur iarratasóir ar cheadúnas oibritheora an t-oibritheoir, an t-iarratas a dhiúltú, nó

- (ii) gur sealbhóir ceadúnais oibritheora an t-oibritheoir, ceadúnas an oibritheora a tharraingt siar nó a fhionraí.

5.—(1) Aon uair a dhiúltóidh an tAire doiciméad ceadúnúcháin a dheonú nó a bheartóidh sé nó sí doiciméad ceadúnúcháin a tharraingt siar nó a fhionraí, tabharfaidh sé nó sí scéala don iarratasóir ar an doiciméad ceadúnúcháin, nó do shealbhóir an doiciméid ceadúnúcháin, maidir lena dhiúltú nó lena diúltú nó lena bhfuil beartaithe aige nó aici, de réir mar a bheidh, agus maidir leis na cúiseanna atá leis an gcéanna agus, má dhéanann an t-iarratasóir sin nó an sealbhóir sin aon uirill i scríbhinn chuig an Aire laistigh de 21 lá ón scéala sin, breithneoidh sé nó sí na huirill sin. Achomharc.

(2) Más rud é, tar éis don Aire aon uirill a dhéanfar faoi *fho-alt (1)* a bhreithniú, go seasann sé nó sí lena bhreith nó lena breith an doiciméad ceadúnúcháin sin a dhiúltú, nó má thugann sé nó sí breith doiciméad ceadúnúcháin a tharraingt siar nó a fhionraí, ansin tabharfaidh an tAire scéala i scríbhinn don iarratasóir ar an doiciméad ceadúnúcháin, nó do shealbhóir an doiciméid ceadúnúcháin, maidir leis an diúltú nó leis an mbreith agus féadfaidh an t-iarratasóir sin nó an sealbhóir sin, laistigh de 21 lá ón scéala sin, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche in aghaidh na breithe sin.

(3) Tá éifeacht le breith doiciméad ceadúnúcháin a fhionraí nó a tharraingt siar fad a bheidh achomharc faoin alt seo ar feitheamh mura n-ordaíonn an breitheamh den Chúirt Dúiche ar os a chomhair nó os a comhair a thionscnaítear an t-achomharc a mhalairt.

(4) Ar achomharc faoin alt seo a éisteacht, i ndáil le diúltú doiciméad ceadúnúcháin a dheonú nó i ndáil le breith ón Aire doiciméad ceadúnúcháin a tharraingt siar nó a fhionraí, féadfaidh an Chúirt Dúiche an diúltú nó an bhreith a dhaingniú nó féadfaidh sí an t-achomharc a cheadú agus, i gcás go gceadaítear achomharc, déanfaidh an tAire an doiciméad ceadúnúcháin a dheonú nó a athshuíomh, de réir mar a bheidh.

(5) Is breith chríochnaitheach breith ón gCúirt Dúiche ar achomharc faoin alt seo ach amháin go mbeidh ábhar achomhairc ann, le cead ón gCúirt, ar cheist shonraithe dlí, chun na hArd-Chúirte i gcoinne na breithe.

(6) Aisghairtear alt 6 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1986.

6.—(1) In imeachtaí faoin Acht seo, i gcás go gcinnfidh an tAire gur ciontaíodh duine i gcion dá dtagraítear in *alt 2(1)*, más rud é go ndéantar doiciméad a thabhairt ar aird don chúirt ar doiciméad é a chomhlíonann an coinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* agus a airbheartaíonn go bhfuil sonraí ann i dtaobh chiontú an duine sin i gcion i stát, seachas an Stát, agus i dtaobh an ghnímh arb é an cion é, beidh sé sin ina fhianaise ar na nithe atá luaite ann.

Fianaise ar chiontuithé coigríche.

(2) Is é atá sa choinníoll a luaitear i *bhfo-alt (1)* go n-airbheartaíonn an doiciméad lena mbaineann a bheith sínithe nó deimhnithe ag breitheamh, giúistís nó oifigeach don stát dá dtagraítear san *fho-alt* sin agus a bheith fiordheimhnithe faoi mhionn finn éigin nó a bheith séalaithe le séala oifigiúil aire stáit de chuid an stáit sin (ar séala é a dtabharfaidh an chúirt aird bhreithiúnach air).

(3) Maidir leis an gcoinníoll a luaitear i *bhfo-alt (1)*, measfar é a bheith comhlíonta gan cruthúnas ar an síniú nó ar an deimhniú, agus

ar fhíordheimhniú an chéanna, de réir mar atá na nithe sin le feiceáil sa doiciméad nó ar an doiciméad.

Comhlíonadh leantach — ceadúnas oibritheora.

7.—(1) D'fhonn a chumasú don Aire a dheimhniú dó féin nó di féin go bhfuil aon cheanglas is gá chun ceadúnas oibritheora a fháil comhlíonta ag an iarratasóir ar cheadúnas oibritheora nó ag sealbhóir ceadúnais oibritheora nó go leanann sé de bheith á chomhlíonadh aige nó aici, féadfaidh an tAire tráth ar bith a iarraidh i scríbhinn ar an oibritheoir, cibé faisnéis is cúí leis an Aire a sholáthar nó a chur faoi deara í a sholáthar, laistigh de thréimhse shonraithe, agus féadfaidh sé nó sí a cheangal go dtabharfar an fhaisnéis sin i cibé foirm a ordóidh an tAire.

(2) Féadfaidh an tAire diúltú ceadúnas oibritheora a dheonú nó féadfaidh sé nó sí ceadúnas oibritheora a tharraingt siar nó a fhionraí i gcás gur mhainnigh an t-oibritheoir a ndearnadh iarraidh chuige nó chuici faoi *fo-alt (1)* an fhaisnéis sin a sholáthar go cúí laistigh den tréimhse a shonraigh an tAire, nó i gcás nach ndeimhnítear don Aire leis an bhfaisnéis a soláthraíodh go bhfuil na ceanglais is gá chun ceadúnas oibritheora a fháil nó a shealbhú comhlíonta nó go leanann siad de bheith á gcomhlíonadh.

(3) Is maoin de chuid an Aire ceadúnas oibritheora agus i gcás go ndéantar ceadúnas oibritheora a tharraingt siar nó a fhionraí, déanfaidh an t-oibritheoir, ar iarraidh i scríbhinn ón Aire, an ceadúnas mar aon le cibé doiciméid choimhdeacha nó cheadúnúcháin eile a eisíodh i dteannta an cheadúnais agus a shonróidh an tAire a chur ar ais chuig an Aire, agus féadfaidh an tAire an ceadúnas nó na doiciméid eile a choinneáil nó a leasú, de réir mar is cúí.

(4) Aon oibritheoir a mhainníonn *fo-alt (3)* a chomhlíonadh déanann sé nó sí cion agus dlitear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

Athrú mionsonraí — ceadúnas nó iarratas oibritheora.

8.—(1) I gcás aon athrú ar mhionsonraí nó ar imthosca oibritheora, ar mionsonraí nó imthosca iad a soláthraíodh don Aire nó a d'fhágfadh nach mbeadh na ceanglais is gá chun ceadúnas oibritheora a fháil nó a shealbhú á gcomhlíonadh ag an oibritheoir a thuilleadh, tabharfaidh an t-oibritheoir scéala i scríbhinn don Aire maidir leis an tarlú sin a luaithe is indéanta ach in aon chás tráth nach déanaí ná mí amháin ón tarlú sin.

(2) Aon oibritheoir a mhainníonn *fo-alt (1)* a chomhlíonadh déanann sé nó sí cion agus dlitear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

Ceanglas chun ceadúnas oibritheora a shealbhú.

9.—(1) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo nó ar shlí eile le dlí, ní ghabhfaidh duine den tslí bheatha arb éard í —

- (a) oibritheoir tarlaithe de bhóthar, gan ceadúnas oibritheora tarlaithe de bhóthar a shealbhú, nó
- (b) oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar, gan ceadúnas oibritheora iompair paisinéirí de bhóthar a shealbhú.

(2) Ní cheadóidh sealbhóir ceadúnais oibritheora iomchuí go n-úsáidfear feithicil—

- (a) i ndáil leis an tslí bheatha arb éard í oibritheoir tarlaithe de bhóthar, nó
- (b) i ndáil leis an tslí bheatha arb éard í oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar,

ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo nó ar shlí eile mura bhfuil an fheithicil údaraithe de thuras na huaire ar cheadúnas an oibritheora agus mura bhfuil san fheithicil nó ar taispeáint, de réir mar is cuí, cóip de cheadúnas an oibritheora ina dtaispeántar an fheithicil a bheith údaraithe amhlaidh, diosca iompair, agus cóip chuí dheimhnithe de cheadúnas Comhphobail.

(3) Aon deimhniú a airbheartaíonn a bheith sínithe ag oifigeach don Aire agus a airbheartaíonn a dheimhniú gur shealbhóir nó nár shealbhóir ceadúnais oibritheora duine sonraithe lá sonraithe nó laethanta sonraithe, nó le linn tréimhse sonraithe go huile, ar cheadúnas é á údarú dó nó dí an tslí bheatha arb éard í oibritheoir iompair de bhóthar a sheoladh le cibé feithiclí a bheidh sonraithe ar an deimhniú, beidh an deimhniú sin, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn an deimhniú a shíniú nó gur oifigeach don Aire é nó í, ina fhianaise ar na nithe a airbheartaíonn a bheith deimhnithe sa deimhniú agus leis an deimhniú, go dtí go suífear a mhalairt.

(4) I gcás go suífear go ndearna duine earraí a iompar trí tharlú de bhóthar nó daoine a iompar trí iompar paisinéirí de bhóthar, measfar, maidir leis an duine, go dtí go suífear a mhalairt, gur iompair sé nó sí na hearraí nó na daoine amhlaidh i gcúrsa na slí beatha arb éard í oibritheoir tarlaithe de bhóthar nó oibritheoir iompair paisinéirí de bhóthar, de réir mar a bheidh, a ngabhann an duine sin di.

(5) Ní fhruilleoidh duine seirbhísí aon duine chun daoine nó earraí a iompar de bhóthar ar luaíocht i bhfeithicil mura rud é—

- (a) maidir leis an duine a bheidh ag seoladh na seirbhíse, gur sealbhóir ceadúnais oibritheora i leith na seirbhíse sin é nó í, nó
- (b) go bhfuil an t-iompar díolmhaithe nó gur iompar é nach gceanglaítear faoi *fho-alt (7)* nó ar shlí eile le dlí ceadúnas oibritheora ina leith.

(6) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)*, *(2)* nó *(5)* déanann sé nó sí cion agus dlítear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Tá na cineálacha iompair atá leagtha amach sa Sceideal díolmhaithe ón gceanglas ceadúnas oibritheora a shealbhú sa Stát.

10.—(1) Ní thabharfaidh duine de thuairisc air féin nó uirthi féin, ná ní thabharfaidh sé nó sí le tuiscint, go bhfuil gnó iompair de bhóthar á sheoladh aige nó aici mura sealbhaíonn an duine sin an ceadúnas oibritheora nó ceadúnas Comhphobail cuí chun a chumasú don duine sin an gnó iompair de bhóthar sin a sheoladh go dleathach.

Toirmeasc ar airbheartú oibriú seachas de réir ceadúnais oibritheora.

(2) Ní thabharfaidh sealbhóir ceadúnais oibritheora nó ceadúnais Comhphobail de thuairisc air féin nó uirthi féin ná ní thabharfaidh sé nó sí le tuiscint go bhfuil gnó iompair de bhóthar á sheoladh aige nó aici seachas an ceann lena mbaineann an ceadúnas oibritheora nó an ceadúnas Comhphobail atá ar seilbh aige nó aici.

(3) Aon duine a sháraíonn an t-alt seo déanann sé nó sí cion agus dlitear ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

Oibleagáid cóip de cheadúnas oibritheora etc. a iompar agus diosca iompair a thaispeáint ar fheithicil.

11.—(1) I gcás go mbeifear ar tí feithicil a úsáid chun críocha gnó iompair de bhóthar de chuid oibritheora faoi cheadúnas oibritheora nó faoi cheadúnas Comhphobail, tabharfaidh an t-oibritheoir don duine atá le gníomhú mar thiománaí na feithicle le linn di a bheith á húsáid amhlaidh cóip dhúlis den cheadúnas nó cóip dheimhnithe de cheadúnas Comhphobail, de réir mar a bheidh, ina dtaispeántar an fheithicil a bheith údaraithe, agus más cuí fianú tiománaí, agus coimeádfar na doiciméid sin san fheithicil.

(2) Aon oibritheoir a mhainníonn *fo-alt (1)* a chomhlíonadh déanann sé nó sí cion agus dlitear ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil d'aicme B a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach iompair a éileamh ar aon duine a bheidh ag tiomáint feithicle a gcreideann an comhalta nó an t-oifigeach iompair í a bheith ag gabháil d'oibríochtaí iompair de bhóthar cóip den cheadúnas oibritheora nó cóip dheimhnithe de cheadúnas Comhphobail ina dtaispeántar an fheithicil a bheith údaraithe, agus, más cuí, fianú tiománaí, a thabhairt ar aird lena hiniúchadh nó lena iniúchadh.

(4) Aon duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn cóip den cheadúnas nó den doiciméad eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a thabhairt ar aird lom láithreach, nó má thugann sé nó sí cóip den cheadúnas nó den doiciméad eile ar aird ach go ndiúltaíonn sé nó sí nó go mainníonn sé nó sí ligean don comhalta sin nó don oifigeach sin í a léamh, déanann sé nó sí cion agus dlitear ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil d'aicme B a chur air nó uirthi.

(5) Taispeánfar diosca iompair ar an bhfeithicil lena mbaineann sé nó greamófar den fheithicil sin é ar mhodh amhairc ionas go bhféadfaidh oifigeach iompair nó comhalta den Gharda Síochána é a iniúchadh.

(6) I gcás nach dtaispeántar diosca iompair ar an bhfeithicil lena mbaineann sé nó nach ngreamaítear den fheithicil sin é de réir *fho-alt (5)*, déanann tiománaí na feithicle agus sealbhóir an diosca araon cion agus dlitear ar gach duine acu a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme B a chur air nó uirthi.

Cláir.

12.—(1) Féadfaidh an tAire clár—

- (a) de dheimhnithe inniúlachta gairmiúla, agus
- (b) de cheadúnais oibritheora,

a bhunú agus a choimeád i cibé foirm, lena n-áirítear foirm leictreonach, agus ina mbeidh cibé sonraí, lena n-áirítear uimhreacha clárúcháin feithicle agus mionsonraí cuí eile maidir leis an oibritheoir agus le tiománaithe na feithicle, a ordóidh an tAire ó am go ham.

(2) Beidh an clár ar fáil lena iniúchadh ag aon duine gach tráth réasúnach, agus féadfaidh an tAire é a fhoilsiú ar an Idirlíon saor in aisce.

(3) Beidh duine i dteideal cóip d'aon taifead sa chlár a fháil ón Aire ar cibé táille, más ann, a ordóidh an tAire a íoc, ar táille í nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann leis an gcóip a tháirgeadh.

(4) Gach doiciméad a airbheartaíonn gur cóip é de thaifead sa chlár agus a airbheartaíonn a bheith deimhnithe mar chóip dhílis den taifead sin ag oifigeach don Aire, glactar leis, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gur dheimhnigh sé nó sí amhlaidh é nó gurbh é nó í an t-oifigeach sin, i bhfianaise in aon imeachtaí dlíthiúla agus measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur cóip dhílis é den taifead sin agus gur fianaise é ar théarmaí an taifid sin.

(5) Aisghairtear alt 10 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1986.

(6) San alt seo, ciallaíonn “clár” clár arna bhunú faoin alt seo.

13.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, le toiliú an Aire ^{Táillí.} Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó am go ham táillí (más ann) a shocrú agus a mhuirearú i leith iarratas a dhéanamh ar dhoiciméad ceadúnúcháin nó i leith doiciméad ceadúnúcháin a dheonú, a leasú, a dhúbailt nó a athsholáthar, agus féadfar táillí éagsúla a mhuirearú i leith doiciméad éagsúil, agus féadfar táillí a ghrádú de réir an lín feithiclí dá dtagraítear sna doiciméid sin, i gcás gur cuí sin.

(2) I gcás go mbeidh duine údaraithe go cuí chun scrúduithe maidir le hinniúlacht ghairmiúil a eagrú agus a dheimhniú de réir Rialachán AE um Oibrítheoirí Iompair de Bhóthar, déanfaidh an tAire, i gcomhairle (roimh an gceapachán nó dá éis) leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na táillí (más ann) a shocrú a bheidh le híoc go díreach leis an duine nó leis an gcomhlacht sin d'fhonn scrúdú a dhéanamh, as oiliúint a sholáthar, as oiliúnóir nach mbeidh fruilithe go díreach ag an duine sin a cheadú, as deimhniú inniúlachta gairmiúla a dheonú, nó as cibé seirbhísí coimhdeacha eile a chomhaontóidh an tAire.

(3) Aon táille is iníoctha faoin alt seo, i leith iarratais ar aon doiciméad ceadúnúcháin, i leith a dheonú, a leasú, a dhúbailt nó a athsholáthar, nó i leith scrúdaithe maidir le hinniúlacht ghairmiúil nó deonú deimhnithe inniúlachta gairmiúla, ní bheidh sé inaisíoctha mura ndéantar an ceadúnas nó an doiciméad a dheonú nó a eisiúint nó mura ngnóthaítear an scrúdú.

(4) Aon airgead a gheobhaidh an tAire faoin alt seo déanfar é a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste de réir ordacháin an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(5) Aon chomaoin i leith iarratais ar aon doiciméad ceadúnúcháin, i leith a dheonú, a leasú, a dhúbailt nó a athsholáthar, nó i leith scrúdaithe maidir le hinniúlacht ghairmiúil nó deonú deimhnithe inniúlachta gairmiúla, tá sé ag brath ar an táille chuí, más ann, a íoc.

(6) Déanfar rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhniú

dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin sin.

Dearbhuithe
bréagacha.

14.—(1) Aon duine—

- (a) a dhéanann, chun doiciméad ceadúnúcháin a fháil, nó chun aon cheanglas a chomhlíonadh is gá chun doiciméad ceadúnúcháin a fháil dó féin, di féin nó do dhuine eile, aon dearbhú nó ráiteas nó a sholáthraíonn aon fhaisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach i bponc ábhartha, nó a dhéanann, go meargánta, aon dearbhú nó ráiteas nó a sholáthraíonn aon fhaisnéis atá bréagach amhlaidh,
- (b) a dhéanann nó a athraíonn doiciméad ceadúnúcháin, nó a chuireann faoi deara nó a cheadaíonn doiciméad ceadúnúcháin a athrú, mura mbíonn sé nó sí údaraithe go cuí,
- (c) a fhaigheann, a thugann ar aird nó a thaispeánann doiciméad ceadúnúcháin bréagach, nó
- (d) a fhaigheann doiciméad ceadúnúcháin ar mhodh neamhdhleathach nó calaoiseach, nó de thoradh bagartha, imeaglaithe nó comhéigin,

déanann sé nó sí cion agus dlitear—

- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi, nó
- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 a chur air nó uirthi.

(2) I gcás go gciontaítear oibritheoir i gcion faoin alt seo féadfaidh an tAire a chinneadh nach bhfuil an ceanglas maidir le dea-cháil á chomhlíonadh a thuilleadh, agus más rud é—

- (a) gur iarratasóir ar cheadúnas oibritheora an t-oibritheoir, an t-iarratas a dhiúltú, nó
- (b) gur sealbhóir ceadúnais oibritheora an t-oibritheoir, an ceadúnas oibritheora a tharraingt siar nó a fhionraí.

Ionchúisimh agus
cion comhlachta
chorpraithe.

15.—(1) Aon chion faoin Acht seo a fhéadfar a ionchúiseamh go hachomair, féadfaidh an tAire nó an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre é a ionchúiseamh amhlaidh.

(2) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, duine a bhí, tráth déanta an chion, ina stiúrthóir, ina bhainisteoir nó ina bainisteoir, ina rúnaí nó ina oifigeach nó ina hoifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, tá an duine sin, chomh maith leis an geomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(3) I gcás gnóthaí comhlachta chorpraithe a bheith á mbainistiú ag a chomhaltaí, tá feidhm ag *fo-alt* (2) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena

feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

16.—(1) Féadfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aon oifigeach dó, nó cibé oifigigh don Aire a bheidh arna n-iasachtú le haghaidh seirbhíse leis an Údarás sin, a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh iompair chun críocha an ailt seo. Oifigigh iompair.

(2) Measfar oifigigh iompair arna gceapadh faoi alt 15 (a cuireadh isteach le halt 117 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1986 cibé acu roimh an Acht seo a rith nó dá éis, a bheith ina n-oifigigh iompair chun críocha an ailt seo ó dháta rite an Achta seo nó ó dháta an cheaptha cibé acu is déanaí a tharlóidh.

(3) Chun críocha an Achta seo, Rialacháin AE agus aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 agus a bhaineann leis an tslí bheatha arb éard í oibrítheoir iompair de bhóthar, beidh an chumhacht ag oifigeach iompair aon ní nó gach ní de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) faoi réir *fho-alt (6)*, dul isteach in áitreabh nó in áit tráth ar bith má bhíonn forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go n-úsáidtear é nó í chun críche a bhfuil baint aici le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear duine san áitreabh nó san áit do fhrúiliú nó d'úsáid seirbhíse gnóthais chun earraí nó daoine a iompar de bhóthar i bhfeithicil ar luaíocht (dá ngairtear “oibríochtaí iompair de bhóthar” san alt seo) nó go bhfuil feithicil a úsáidtear chun na críche sin san áitreabh nó san áit agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeithicil agus ar aon doiciméad ceadúnúcháin, taifid, leabhair nó trealamh taifeadta a choimeádtar nó a úsáidtear san fheithicil, san áitreabh nó san áit sin, de réir mar a bheidh, chun críocha oibríochtaí nó gnó iompair de bhóthar;
- (b) iniúchadh a dhéanamh tráth ar bith ar fheithicil ar fos agus iniúchadh a dhéanamh ar aon doiciméad ceadúnúcháin, taifid, leabhair, earraí nó trealamh taifeadta atá á iompar nó á n-iompar san fheithicil nó ar an bhfeithicil nó ag tiománaí na feithicle nó a úsáidtear chun críocha oibríochtaí nó gnó iompair de bhóthar;
- (c) a cheangal ar aon duine san áitreabh nó san áit nó san fheithicil aon doiciméad ceadúnúcháin, leabhar nó taifead a choimeádtar nó a úsáidtear chun críocha oibríochtaí nó gnó iompair de bhóthar agus atá faoi chumhacht nó faoi urláimh an duine sin a thabhairt ar aird dó nó di;
- (d) aon doiciméad ceadúnúcháin, leabhar nó taifead a choimeádtar nó a úsáidtear chun críocha oibríochtaí nó gnó iompair de bhóthar a iniúchadh, a scrúdú, agus cóipeanna díobh nó sleachta astu a thógáil nó an céanna a thabhairt chun siúil, más gá, chun críocha iniúchadh nó scrúdú agus a cheangal ar an duine a choimeádann an doiciméad, an leabhar nó an taifead sin nó a thug an doiciméad, an leabhar nó an taifead ar aird a dheimhniú gur cóip dhílis cóip de.

(4) D'fhonn a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú, féadfaidh oifigeach iompair feithicil a stopadh agus a choinneáil le linn cibé ama is gá chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú.

(5) Aon duine a chuireann bac nó treampán ar oifigeach iompair le linn dó nó di cumhacht a thugtar dó nó di leis an alt seo a fheidhmiú nó a mhainníonn déanamh de réir iarrata nó ceanglais de chuid oifigigh iompair faoin alt seo déanann sé nó sí cion agus dlítear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(6) Ní rachaidh oifigeach iompair, seachas le toiliú an áititheora, isteach sa chuid sin d'áitreabh a úsáidtear mar theaghais phríobháideach mura rud é go mbeidh barántas faighte aige nó aici ón gCúirt Dúiche faoi *alt 17* lena n-údaráítear dó nó di dul isteach amhlaidh.

(7) I gcás go gcoisctear ar oifigeach iompair, i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo, dul isteach in aon áitreabh nó áit, féadfar iarratas a dhéanamh faoi *alt 17* ar bharántas lena n-údarófar an dul isteach sin.

Barántais
chuardaigh.

17.—Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche ar fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach iompair go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint—

- (a) go n-úsáidtear áitreabh nó áit chun críche a bhfuil baint aici le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear duine san áitreabh nó san áit do fhrúiliú nó d'úsáid seirbhísí gnóthais chun earraí nó paisinéirí a iompar de bhóthar i bhfeithicil ar frúiliú nó ar luaíocht,
- (b) go bhfuil feithicil a úsáidtear chun na críche sin ag an áitreabh nó san áit,
- (c) go bhfuil faisnéis nó ábhar a bhaineann le hiompar de bhóthar agus a theastaíonn ón oifigeach iompair lena scrúdú á coinneáil nó á choinneáil in aon áitreabh nó áit nó i gcuid d'aon áitreabh nó áit, nó
- (d) go ndearnadh cion i dtaca le hiompar de bhóthar san áitreabh nó san áit, nó go bhfuil cion á dhéanamh ansin,

féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint lena n-údarófar d'oifigeach iompair, in éineacht le hoifigigh iompair eile nó le comhaltaí den Gharda Síochána, aon tráth nó tráthanna laistigh d'aon mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má cheanglaítear amhlaidh, dul isteach san áitreabh, san áit nó san fheithicil, agus forneart réasúnach á úsáid chuige sin más gá, agus gach ceann nó aon cheann de na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach iompair faoi *alt 16* a fheidhmiú.

Bainisteoir iompair.

18.—(1) Maidir le bainisteoir iompair—

- (a) sealbhóidh sé nó sí deimhniú inniúlachta gairmiúla cuí,
- (b) beidh dea-cháil air nó uirthi agus beidh 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici,
- (c) déanfaidh oibritheoir é nó í a ainmniú mar bhainisteoir iompair trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire, agus

- (d) fruileofar é nó í chun oibríochtaí iompair an oibritheora a bhainistiú go leanúnach agus go héifeachtach.

(2) I gcás go measann an tAire nach bhfuil ceanglais *fho-alt (1)* á gcomhlíonadh ag bainisteoir iompair, féadfaidh sé nó sí a ordú le fógra don ghnóthas an cor a chur ina cheart nó bainisteoir iompair nua a cheapadh.

19.—Leasaítear alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006—

Leasú ar alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006.

- (a) i bhfo-alt (2), trí “ar a bhfuil dea-cháil, atá bunaithe sa Stát, ag a bhfuil seasamh cuí airgeadais” a chur in ionad “ar a bhfuil dea-cháil, ag a bhfuil seasamh cuí airgeadais”,
- (b) i ndiaidh *fho-alt (2)*, tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“(2A) Má mheasann an tAire maidir le duine a shealbhaíonn ceadúnas oibritheora—

- (a) nach ndéanann sé nó sí an ceanglas dea-cháil a bheith air nó uirthi a chomhlíonadh a thuilleadh,
- (b) nach bhfuil sé nó sí bunaithe sa Stát a thuilleadh,
- (c) nach bhfuil seasamh cuí airgeadais aige nó aici a thuilleadh, nó
- (d) nach bhfuil inniúlacht ghairmiúil mar oibritheoir iompair de bhóthar aige nó aici a thuilleadh,

féadfaidh an tAire an ceadúnas a tharraingt siar nó a fhionraí.

(2B) Féadfaidh an tAire téarmaí nó coinníollacha a chur ag gabháil le ceadúnas oibritheora, ar téarmaí nó coinníollacha iad a bheidh le comhlíonadh ag an sealbhóir agus a bhféadfaidh coinníollacha a bheith ar áireamh iontu a bhaineann le sábháilteacht, cothabháil agus caighdeáin feithicle, dualgais agus freagrachtaí bainisteoirí iompair nó bainistíochta eile nó tiománaithe, caighdeáin chomhshaoil, sábháilteacht agus caighdeáin oibríochta, am tiomána agus oibre, coinníollacha agus conarthaí fostaíochta, úinéireacht feithicle (cibé acu ar úinéireacht, ar fruiliú nó ar léas), clárú feithicle, cánachas, calabhrú tacagraif nó árachas, scéala faoi athruithe ar mhionsonraí oibritheora, nó comhlíonadh aon cheanglais faoin Acht seo, faoin *Acht um Iompar ar Bhóithre, 2011*, faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2011, nó faoi ionstraim de chuid institiúide den Aontas Eorpach a bhaineann le tarlú de bhóthar nó iompar paisinéirí de bhóthar nó reachtaíocht lena dtugtar éifeacht d'ionstraim den sórt sin, lena n-áirítear rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (6)*:

“(6A) Beidh iarratas ar cheadúnas oibritheora i cibé foirm a chinnfidh an tAire.

(6B) Féadfar iarratas ar cheadúnas oibritheora agus ar dhiosca iompair a dhéanamh san iarratas céanna.

(6C) Féadfaidh an tAire diúltú cheadúnas oibritheora a dheonú go dtí go mbeidh aon cheanglais de chuid rialachán maidir le hiarratais a dhéantar faoi fho-alt (6) comhlíonta ag iarratasóir.”.

“Ceadúnas Comhphobail”.

20.—Leasaítear alt 1(1) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1999 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe ar “ceadúnas Comhphobail”:

“ciallaíonn ‘ceadúnas Comhphobail’ ceadúnas Comhphobail—

- (a) arna eisiúint faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1072 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009⁴ chuig tarlóir a iompraíonn earraí de bhóthar ar fruilíú nó ar luaíocht, nó
- (b) arna eisiúint faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1073 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009⁵ chuig iompróir paisinéirí de chóiste agus de bhus ar fruilíú nó ar luaíocht;”.

Fógraí agus scéala.

21.—(1) Beidh fógra nó scéala ón Aire faoin Acht seo nó chun críocha Rialacháin AE i scríbhinn agus díreofar é chuig an duine faoina ainm nó faoina hainm agus déanfar é a thabhairt don duine nó a sheirbheáil ar an duine ar cheann de na slíte seo a leanas:

- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin;
- (c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha arna díriú chuig an duine ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin;
- (d) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógra nó scéala tugtha ag an duine, trína fhágáil ag an seoladh sin nó trína chur leis an bpost cláráithe réamhíoctha, agus é dírithe chuig an duine, chuig an seoladh sin;
- (e) más rud é go mbeidh a chomhaontú nó a comhaontú tugtha ag an duine lena mbaineann le seirbheáil fógraí ar mhodh cumarsáide leictreonaí (de réir na brí a shanntar dó le halt 2 den Acht um Thráchtáil Leictreonaigh, 2000) chuig an duine (ar seolaí é nó í de réir na brí a shanntar leis an alt sin), seirbheáil ar an modh sin, ach sin más rud é amháin go dtugtar freisin é i gceann amháin de na slíte eile a luaitear in aon cheann de na míreanna roimhe seo.

⁴ IO Uimh. L 300, 14.11.2009, lch. 72

⁵ IO Uimh. L 300, 14.11.2009, lch. 88

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, meastar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí ag a hoifig chláráithe, agus meastar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

22.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

23.—(1) Féadfar an tAcht um Iompar ar Bhóithre, 2011 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus forléiriú.

(2) Déanfar an tAcht um Iompar ar Bhóithre, 1933, alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006 agus an tAcht seo a léamh le chéile mar aon ní amháin.

AN SCEIDEAL

CINEÁLACHA IOMPAIR DHÍOLMHAITHE

Cineálacha iompair atá díolmhaithe ón gceanglas ceadúnas oibritheora a shealbhú le haghaidh oibríochtaí náisiúnta sa Stát.

1. Iompar ócáideach earraí arna n-iompar chuig aerfoirt nó uathu i gcás atreorú a bheith curtha ar aersheirbhísí.

2. Iompar bagáiste—

(a) i leantóirí atá cúplaithe le feithiclí ina n-iompraítear paisinéirí, nó

(b) chuig aerfoirt nó uathu.

3. Iompar post.

4. Iompar feithiclí ar bhain damáiste nó cliseadh dóibh.

5. Iompar bruscair agus séarachais.

6. Iompar conablach ainmhithe chun iad a dhiúscairt.

7. Iompar beach nó gealóga éisc.

8. Iompar airteagal atá de dhíth le haghaidh cúraim liachta i gcás faoisimh éigeandála agus go háirithe le haghaidh faoisimh i gcás tubaistí nádúrtha.

9. Iompar earraí a ndéantar mar gheall ar a luach iad a iompar i bhfeithiclí atá déanta go speisialta agus a mbíonn póilíní nó gardaí slándála eile á dtionlacan.

10. Iompar sochraide.

11. Iompar earraí i mótarfeithiclí i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is maoin de chuid an ghnóthais na hearraí atá á n-iompar nó is earraí iad a rinne an gnóthas a dhíol, a cheannach, a ligean ar fruiliú nó a fhruiliú, a tháirgeadh, a bhaint, a phróiseáil nó a dheisiú;

(b) is í críoch an turais na hearraí a iompar chun an ghnóthais nó uaidh nó iad a aistriú laistigh den ghnóthas nó lasmuigh de dá riachtanais féin;

(c) is fostaithe de chuid an ghnóthais a thiomáineann mótarfeithiclí a úsáidtear don iompar sin;

(d) tá na feithiclí ina n-iompraítear na hearraí ar úinéireacht ag an ngnóthas nó ceannaithe aige ar théarmaí iarchurtha (ach ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le húsáid feithicle ionaid le linn cliseadh gearr ar an bhfeithicil a úsáidtear de ghnáth);

(e) níl iompar ach coimhdeach le gníomhaíochtaí foriomlána an ghnóthais.

12. Iompar páirteanna breise do shoithí farraige agus d'aerárthaí.

13. Idirthuras, i staid neamhualaithe, feithicle a úsáidtear chun earraí a iompar agus lena mbeartaítear feithicil a ionadú atá tagtha chun bheith ina feithicil nach féidir a sheirbhísiú i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil sí cláraithe, agus leanúint, ag an bhfeithicil chliste, den iompar faoi chlúdach údaraithe a eisíodh i gcomhair na feithicle atá tagtha chun bheith ina feithicil nach féidir a sheirbhísiú.

14. Iompar réad agus saothar ealaíne lena dtaispeáint nó chun críocha trádála.

15. Iompar ócáideach réad agus ábhar chun críocha poiblíochta nó faisnéise go heisiach.

16. Iompar ábhair, maoine agus ainmhithe chun taibhithe amharclainne, ceoil nó scannáin nó ócáidí spóirt, sorcas, taispeántas nó aontaí nó uathu, nó chun déanamh craoltaí raidió nó teilifíse nó scannán nó uathu.

17. Iompar paisinéirí chun na hoibre nó uaithi i bhfeithiclí atá ar úinéireacht ag a bhfostóirí.

18. Iompar daoine chun scoile nó uaithi, nó i gcúrsa gníomhaíochtaí scoile nó gníomhaíochtaí coimhdeacha, nó i ndáil leis an gcéanna, i bhfeithiclí atá ar úinéireacht ag an scoil.

19. Iompar paisinéirí seachas le haghaidh brabúis i bhfeithiclí atá ar úinéireacht ag eagraíochtaí saorálacha.

20. Iompar earraí ag gnóthais atá ag gabháil don tslí bheatha arb éard í oibrítheoir tarlaithe de bhóthar trí mhótarfeithiclí nó cónaisc feithiclí amháin, ar mótarfeithiclí nó cónaisc feithiclí iad nach mó ná 3.5 tonna a mais ualaithe incheadaithe.

21. Iompar paisinéirí ag gnóthais atá ag gabháil do sheirbhísiú iompair paisinéirí de bhóthar go heisiach chun críocha neamhthráchtála.